

# Cé muid?

**Is Institiúid Náisiúnta Chearta an Duine é Coimisiún Thuaisceart Éireann um Chearta an Duine a bunaíodh de thoradh Chomhaontú Bhéal Feirste (Aoine an Chéasta)**

## Ár bhFís

Sochaí a mbeadh luachanna agus caighdeáin chearta an duine ina croílár d'fhonn comhionannas, síocháin agus ceartas a bhaint amach.

## Ár Misean

Cearta gach aon duine i dTuaisceart Éireann a chaomhnú agus a chur chun cinn.

## An méid a dhéanaimid

**Tá muid freagrach as:**

- cleachtais i dTuaisceart Éireann a bhaineann le caomhnú chearta an duine a choinneáil faoi athbhreithniú.
- tuiscint agus feasacht a chur chun cinn ar thábhacht chearta an duine i dTuaisceart Éireann.
- bheith ag obair leis an Choimisiún Comhionannais le maoirsiú a dhéanamh ar ghealltanas Rialtas na RA gan cosaintí áirithe chearta an duine agus comhionannais a laghdú i ndiaidh aistarraingt na RA amach as an AE, agus go gcoinneofar Tuaisceart Éireann ar bhonn cothrom sa chás go ndéanfaí dlíthe áirithe comhionannais de chuid an Aontais Eorpaigh a athrú d'fhonn caomhnú chearta an duine a fheabhsú.

## Mar a dhéanaimid é

- Cuirimid comhairle ar an Státrúnaí agus ar Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann maidir le bearta reachtacha agus bearta eile ar cheart iad a dhéanamh le cearta an duine a chosaint.
- Cuirimid in iúl do Chomhthionól Thuaisceart Éireann cé acu atá nó nach bhfuil Billí reachtacha ag teacht salach ar chearta an duine.
- Cuirimid in iúl do Pharlaimint Westminster cé acu atá nó nach bhfuil Billí reachtacha a bhaineann le Tuaisceart Éireann ag teacht salach ar chearta an duine.
- Déanaimid monatóireacht agus tuairisciú ar chonarthaí idirnáisiúnta chearta an duine.
- Cuirimid feasacht ar chearta an duine chun cinn agus is féidir, chun na críche seo, go dtabharfadh muid faoi, go ndéanfadh muid a choimisiúnú nó go gcuirfeadh muid ar fáil cúnamh airgeadais nó cúnamh eile faoi choinne gníomhaíochtaí oideachasúla.
- D'fhéadfadh sé go dtabharfadh muid faoi, go ndéanfadh muid a choimisiúnú nó go gcuirfeadh muid ar fáil cúnamh airgeadais nó cúnamh eile faoi choinne taighde.
- D'fhéadfadh sé go ndéanfadh muid imscrúduithe a reáchtáil a measfaí iad a bheith de dhíth nó áisiúil.
- D'fhéadfadh sé go dtabharfadh muid cúnamh do dhaoine aonair; agus go ndéanfadh muid imeachtaí a thionscnamh a bhainfeadh le dlí nó cleachtas lena mbeadh baint ag caomhnú chearta an duine.
- D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh muid ceisteanna ábhartha iomchuí faoi bhráid an Choiste Speisialaithe um cheisteanna a bhaineann leis an Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann de chuid Chomhaontú an Aontais Eorpaigh um Tharraingt Siar.

## Clinic Comhairle

Déanaimid clinic comhairle a fheidhmiú gach **Céadaoin ó 9.30am – 1pm.** Má tá ceist agat a bhaineann le cearta an duine agus más mian leat coinne a dhéanamh le labhairt linn, iarrtar ort na sonraí atá curtha ar fáil anseo a úsáid.

**Mura mbímid in ann cuidiú leat, déanfaidh muid iarracht tú a chur i dtreo gníomhaireacht níos oiriúnaí a bheadh in ann cuidiú leat.**

## Déan Teagmháil Linn

4ú hUrlár, Teach Alfred
19-21 Sráid Alfred
Béal Feirste
BT2 8ED

**Ríomhphost: info@nihrc.org**

**Teileafón: 028 9024 3987**

**www.nihrc.org**